

Teastas Eorpach na Gaeilge

Bonnleibhéal 1 (A1)

Syllabus and guidelines for candidates

Lárionad na Gaeilge, Taighde, Teagasc agus Tástáil
Ollscoil Mhá Nuad



Bonnleibhéal 1 (A1)

Syllabus and guidelines for candidates



Table of Contents

Page

1. Pupose.....	4
2. General information.....	4
2.1 Speaking and listening	4
2.2 Reading	5
2.3 Writing	5
2.4 Language specifications	5
Topic 1: Ag bualadh le daoine/Meeting people	6
Topic 2: Cúlra agus áit chónaithe / Background and place of residence.....	9
Topic 3: An teaghlach/The family	13
Topic 4: An teach agus lóistín/ The house and accommodation	17
Topic 5: Caitheamh aimsire/Pastimes	21
Topic 6: An saol laethúil/Daily life	25
Topic 7: Buanna agus scileanna /Talents and skills	28
Topic 8: Cúrsaí oibre/Work	32
Topic 9: Bia agus deoch/Food and drink.....	36
Topic 10: Tinneas agus gortuithe/Sickness and injury.....	41
Topic 11: Éadaí agus siopadóireacht/Clothes and shopping	44
Topic 12: Laethanta saoire agus taisteal/Holidays and travel	49
Topic 13: Orduithe/Orders.....	54
Topic 14: Ag déanamh socruithe/ Making arrangements	57
3. Guidelines for Scrúdú Bhonnleibhéal 1 (A1).....	61
3.1 General information.....	61
3.2 The listening comprehension examination.....	62
3.3 The reading comprehension examination	63
3.4 The writing examination	63
3.5 The oral examination	65

1. Purpose

Scrúdú Bhonnleibhéal 1 (A1) is a general proficiency examination for Irish, aimed primarily at adult candidates. It is suitable for people in Ireland or abroad who are studying Irish at night classes or attending other similar courses and who would like a qualification to attest to their ability in Irish. The specifications which form the basis for *Scrúdú Bhonnleibhéal 1(A1)* are broadly based on the descriptors for level A1 of the Common European Framework of Reference for Languages (2001). It is estimated that candidates who have not studied Irish previously will be able to undertake this examination after approximately 80-100 hours of study. The examination itself is not tied to any particular course of study. It is not appropriate for those who speak Irish as a native language or for those who already hold educational qualifications in Irish. In this document you will find information regarding:

Syllabus for Scrúdú Bhonnleibhéal 1 (A1)

Guidelines for Scrúdú Bhonnleibhéal 1 (A1)

It is recommended that you also study the following documents relating to *Scrúdú Bhonnleibhéal 1 (A1)*:

Sample papers for Scrúdú Bhonnleibhéal 1 (A1)

Chief Examiner's Report for Scrúdú Bhonnleibhéal 1 (A1)

2. General information

The specifications in this syllabus outline the minimum language level required to enable candidates to function within a defined subject range. The focus is on various language functions pertaining to particular topics and subject-matters. Examples are given of expressions which could be adopted by the candidates when using these functions. In addition, lists of useful vocabulary and phrases are provided. The lists of vocabulary and expressions in this document are not exhaustive and candidates are advised of the need to also focus on topics and vocabulary that relate directly to their own interests and circumstances.

Below is a brief description of what candidates at this level can do in the various skills.

2.1 Speaking and listening

Candidates will be able to use single words and simple sentences while taking part in a conversation based on topics and general information that relate to everyday life. For example, they will be able to give a very basic description of themselves, where they live, their work and their daily routine. They will be able to ask basic questions. They will rely heavily on memorised sentences but will be able to use some communication strategies to help them maintain interaction. For example, *Tá brón orm. Ní thuigim sin.* (I'm sorry. I don't understand that.) *Gabh mo leithscéal, ach ní thuigim sin.* (Excuse me, but I don't understand that.) Requesting that the interlocutor repeats what he/she has said: *Arís, le do thoil.* (Could you repeat, please?) or asking the interlocutor to speak more slowly *An bhféadfá labhairt níos moille, le do thoil?* (Could you speak more slowly, please?)

Candidates will be able to understand simple speech delivered in a slow, carefully articulated but natural manner. They will rely heavily on others for assistance in their efforts to carry on communication.

Candidates may use their own dialectal preference although, at this level, it is not expected that they should be consistent in their use of a particular dialect. Important phrases from the main dialects are given in these specifications, for example, how to greet someone: *Cad é mar atá tú?*, *Cén chaoi a bhfuil tú?* and *Conas tá tú?* It is expected at this level that candidates would be able to use one of the above versions without difficulty, and that they would be capable of understanding the other two. Similarly, in matters of vocabulary (for example *druid/dún*) and grammar (for example, *ar an bhóthar/ar an mbóthar*), it is enough for the candidate at this level to be able to use one version correctly and to understand the rest.

2.2 Reading

Candidates will understand specifically stated information in texts that are short and simple insofar as they relate specifically to everyday life. They will understand the text on a phrase-by-phrase basis, finding words and recognisable phrases. They will reread the text as often as necessary.

2.3 Writing

Candidates will be able to write simple words and very simple basic phrases. In *Scrúdú Bhonnleibhéal 1 (A1)* candidates are asked to write single words only. No marks are allocated if there are spelling or grammatical inaccuracies. This is to encourage candidates to pay particular attention to the main grammatical structures and the spelling of common words as they are learning the language. There is a noted lack of awareness among learners of Irish at every level of ability in relation to grammatical accuracy and consistency in the application of grammar rules. Therefore, grammatical accuracy and spelling have been emphasised in the marking schemes for the writing component at all levels including Bonnleibhéal 1 (A1).

2.4 Language specifications

Comprehensive details of the topics, functions, vocabulary and grammatical structures etc. on which this examination is based are available below.

Topic 1: Ag bualadh le daoine/Meeting people

	Feidhmeanna/Functions	Samplaí/Examples
1.1	Ag beannú do dhuine agus ag beannú ar ais do dhuine. <i>Greeting and replying to someone.</i>	Dia duit. <i>Hello</i> Dia is Muire duit. <i>Hello (reply)</i>
1.2	Ag fiafraí de dhaoine an bhfuil siad go maith agus ag freagairt na ceiste sin. <i>Asking people how they are and replying to the same question.</i>	Cad é mar atá tú? <i>How are you? (Ulster)</i> Cén chaoi a bhfuil tú? <i>How are you? (Connaught)</i> Conas tá tú? <i>How are you? (Munster)</i> Go maith, go raibh maith agat. Agus tú féin? <i>Well, thank you. And you?</i> Go breá. <i>Fine.</i> An bhfuil tú go maith? <i>Are you well?</i> Tá. Tá mé go breá, go raibh maith agat. <i>I am. I am fine, thank you.</i>
1.3	Tú féin a chur in aithne. <i>Introducing yourself.</i>	Liam is ainm dom. <i>My name is Liam.</i> Is mise Síle. <i>I'm Síle.</i>
1.4	Ag fiafraí de dhuine cén t-ainm atá air/uirthi agus ag freagairt na ceiste sin. <i>Asking someone their name and replying.</i>	Cad is ainm duit?/Cá hainm atá ort?/Cén t-ainm atá ort? <i>What is your name?</i> Siobhán. Micheál. Cad is ainm duitse?/Cá hainm atá ortsa?/Cén t-ainm atá ortsa? <i>Siobhán/Michael. What is your name?</i>

	Feidhmeanna/ <i>Functions</i>	Samplaí/ <i>Examples</i>
1.5	Ag rá le duine go bhfuil sé go deas bualadh leis/léi. <i>Saying to someone it's nice to meet them.</i>	Tá sé go deas bualadh leat. <i>It's nice to meet you.</i>
1.6	Ag iarraidh agus ag tabhairt uimhir theileafóin. <i>Asking for and giving a telephone number.</i>	Cad é d'uimhir theileafóin? <i>What is your telephone number?</i> A náid a hocht a seacht, a trí a cúig a náid a dó a ceathair a sé <i>Zero, eight, seven, three, five, zero, two, four, six.</i>
1.7	Ag cur daoine in aithne dá chéile. <i>Introducing people to each other.</i>	Seo é Liam. <i>This is Liam</i> Seo í Aoife. <i>This is Aoife</i> Seo iad Síle agus Eoghan. <i>These are Síle and Eoghan.</i>
1.8	Ag fágáil slán ag duine. <i>Taking leave of someone.</i>	Slán leat. <i>Goodbye</i> Slán agat. <i>Goodbye</i> Slán go fóill. <i>Goodbye for now.</i>

Gramadach/ <i>Grammar</i>	Samplaí/ <i>Examples</i>
Forainmneacha <i>Pronouns</i>	mé, tú, sé, sí, etc. <i>I, you (sg), him, her, etc.</i>
An dara pearsa uatha agus iolra de na forainmneacha réamhfhoclacha <i>dom</i> agus <i>orm</i> <i>The second person singular and plural of the prepositional pronouns 'dom' and 'orm'.</i>	duit, daoibh <i>To you (sg), To you (pl)</i> ort, oraibh <i>(on you (sg), on you (pl))</i>
Foirmeacha treise <i>Emphatic forms</i>	ortsa, duitse, etc. <i>on you, to you, etc.</i>

Gramadach/Grammar	Samplaí/Examples
Ceisteanna agus freagraí san aimsir láithreach <i>Questions and answers in the present tense.</i>	Cad is ainm duit? Muiris. <i>What is your name? Muiris.</i>

Stór focal/Vocabulary	Samplaí/Examples
Uimhreacha 0–10 <i>Numbers 0–10</i>	a haon, a dó, a trí, etc. <i>one, two, three etc.</i>

Beidh an t-iarrthóir ábalta...The candidate will be able to...

Labhairt/speaking

Beannachtaí simplí a úsáid agus slán a fhágáil ag duine, agus eolas an-bhunúsach a thabhairt faoi féin.

Use simple greetings and say goodbye to someone, give basic information about themselves.

Éisteacht/listening

Beannachtaí agus ceisteanna simplí a bhaineann le cúlra a thuiscint.

Understand greetings and simple questions relating to background.

Léamh/reading

Focail agus frásaí a bhaineann le heolas pearsanta a aithint (e.g. ar fhoirm iarratais). *To recognize words and phrases which relate to personal information (for example on an application form.)*

Scríobh/writing

Roinnt sonraí pearsanta a bhreacadh síos (e.g. ar fhoirm iarratais).

To write down some personal data (e.g. on an application form).

Topic 2: Cúlra agus áit chónaithe / Background and place of residence

	Feidhmeanna/Functions	Samplaí/Examples
2.1	Ag fiafraí de dhaoine cad as dóibh agus ag freagairt na ceiste sin. <i>Asking people where they from and replying to the same question.</i>	Cá as tú?/Cad as duit? <i>Where are you from?</i> (Is) as an Spáinn mé/dom. <i>I am from Spain</i> Cá as tú féin?/Cad as duit féin? <i>Where are you from yourself?</i>
2.2	Ag fiafraí de dhaoine cá bhfuil siad ina gcónaí agus ag freagairt na ceiste sin. <i>Asking people where they are living and replying to the same question.</i>	Cá bhfuil tú i do chónaí?/ <i>Where do you live?</i> (Tá mé i mo chónaí) i gCorcaigh. <i>(I live) in Cork.</i>
2.3	Ag cur náisiúntachta in iúl <i>Reporting nationality.</i>	Is Éireannach mé. <i>I am Irish</i> Is Sasanach mé. <i>I am English</i> An Spáinneach tú? <i>Are you Spanish?</i> Is ea/ní hea, ach Iodálach. <i>Yes/no, Italian.</i>
2.4	Ag fiafraí de dhaoine cén seoladh atá acu agus ag freagairt na ceiste sin. <i>Asking people their address is and replying to the same question.</i>	Cén seoladh atá agat? <i>What is your address?</i> 21 Bóthar na Carraige. <i>21 Carrick Road</i>
2.5	Ag fiafraí cá bhfuil áit faoi leith agus ag freagairt na ceiste sin. <i>Asking the location of a certain place and responding to the same question.</i>	Cá bhfuil sé sin? <i>Where is that?</i> I gCorcaigh. <i>In Cork</i> In aice le Sligeach. <i>Beside Sligo</i> Gar do Luimneach. <i>Near Limerick</i> Cúpla míle ó Dhoire. <i>A couple of miles from Derry</i>

	Feidhmeanna/Functions	Samplaí/Examples
2.6	Ag déanamh cur síos ar áiseanna i do cheantar agus ag cur ceist ar dhaoine eile faoi áiseanna ina gceantar siúd. <i>Describing facilities in your area and asking others about the facilities in their area.</i>	An bhfuil áiseanna maithe sa cheantar? <i>Are there good facilities in the area?</i> Tá siopaí, scoil agus oifig phoist ann. <i>There are shops, a school and a post office there.</i> An bhfuil linn snámha ann? <i>Is there a swimming pool there?</i> Tá/Níl. <i>Yes/No.</i>

Gramadach/Grammar	Samplaí/Examples
Na réamhfhocail <i>as</i> agus <i>i</i> <i>The prepositions 'as' and 'i'</i>	As Baile Átha Cliath. <i>From Dublin</i> I mBaile Átha Cliath. <i>In Dublin</i>
Na réamhfhocail <i>do</i>, <i>le</i> agus <i>ó</i> <i>The prepositions 'do', 'le' agus 'ó'</i>	Tá sé gar do Luimneach. <i>It is near (to) Limerick</i> Tá sé in aice le Gaillimh. <i>It is beside Galway</i> Tá sé cúpla míle ó Dhoire. <i>It is a couple of miles from Derry.</i>
Foirmeacha ceisteacha <i>Interrogative forms</i>	An bhfuil...? <i>Is there...?</i> Cá bhfuil...? <i>Where is...?</i>
An dara pearsa uatha agus iolra de na forainmneacha réamhfhoclaigh <i>dom</i> agus <i>agam</i> <i>The second person singular and plural of the prepositional pronouns 'dom' and 'agam'</i>	Duit, daoibh <i>to you (sg/pl)</i> agam, agaibh <i>at you (sg/pl)</i>
Aidiachtaí sealbhacha <i>Possessive adjectives</i>	mo, do <i>my, your (sg)</i>
An chopail <i>The copula</i>	Is Iodálach mé. <i>I am an Italian</i>

Stór focal/Vocabulary	Samplaí/Examples
Áiteanna <i>Places</i>	sráidbhaile <i>village</i> baile <i>town</i> cathair <i>city</i> contae <i>county</i> faoin tuath <i>in the country</i> cois farraige <i>by the sea</i>
Áiseanna <i>Facilities</i>	siopa(i) <i>shop(s)</i> banc <i>bank</i> ollmhargadh <i>supermarket</i> Scoil <i>School</i> oifig (an) phoist <i>post office</i> teach (tithe) tábhairne <i>pub(s)</i> óstán <i>hotel</i> linn snámha <i>swimming pool</i>
Náisiúntacht <i>Nationality</i> (go háirithe náisiúntacht an fhoghlaimeora) (especially the nationality of the candidate)	Éireannach <i>Irish</i> Sasanach <i>English</i> Meiriceánach <i>American</i> Francach <i>French</i> Spáinneach <i>Spanish</i> Iodálach <i>Italian</i>

Beidh an t-iarrthóir ábalta...*The candidate will be able to...*

Labhairt/speaking

Eolas bunúsach a thabhairt faoi/fúithi féin maidir leis na rudaí seo a leanas: náisiúntacht, áit ar rugadh é/í, áit chónaithe. Beidh sé/sí in ann ceisteanna bunúsacha a chur ar dhaoine eile faoi na hábhair chéanna. Beidh sé/sí in ann na príomhaiseanna atá le fáil sa cheantar a ainmniú agus ceist a chur ar dhaoine eile faoi na príomhaiseanna atá le fáil ina gceantar siúd.

Give basic information about him/herself regarding the following things: nationality, place of birth/residence. Will be able to ask other people basic questions about the same subjects. Will be able to name the main facilities in the area and to ask others about the main facilities in their areas.

Éisteacht/listening

Tuigfidh an t-iarrthóir ceisteanna simplí a bhaineann le cúlra agus áit chónaithe. Tuigfidh sé/sí cur síos simplí ó dhaoine eile faoi na príomhrudaí atá le fáil ina gceantar.

The candidate will understand simple questions relating to background and place of residence. He/she will understand simple descriptions from other people about the main facilities in their area.

Léamh/reading

Beidh na hiarrthóirí in ann na príomhfhocail a bhaineann leis an ábhar seo a aithint, mar shampla, na focail *náisiúntacht* agus *áit chónaithe* ar fhoirm. Beidh siad in ann na príomhfhocail a bhaineann le seirbhísí a thuiscint, mar shampla, *banc* nó *oifig (an) phoist*.

The candidate will be able to recognize the main words relating to this subject. For example, the words 'náisiúntacht' and 'áit chónaithe' on a form. They will be able to understand the main words relating to services, for example, 'banc', 'oifig (an) phoist' and so on.

Scríobh/writing

Beidh na hiarrthóirí in ann focail faoi leith a bhaineann leo féin a scríobh ar fhoirm. Mar shampla, *náisiúntacht* agus *áit chónaithe*.

The candidate will be able to write particular words relating to themselves on a form. For example, nationality and place of residence.

Topic 3: An teaghlach/The family

	Feidhmeanna/Functions	Samplaí/Examples
3.1	Ag labhairt faoi stádas pósta. <i>Talking about marital status.</i>	Tá/níl mé pósta. <i>I am/ I am not married.</i> Tá mé singil. <i>I am single.</i> Tá mé scartha. <i>I am separated.</i> Tá mé colscartha. <i>I am divorced.</i>
3.2	Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi stádas pósta. <i>Seeking and giving information about marital status.</i>	Is baintreach (fir) mé. <i>I am a widow(er).</i> An bhfuil tú pósta? <i>Are you married?</i> Tá/níl. <i>Yes/no</i> An bhfuil tusa/tú féin pósta? <i>Are you married?</i> Níl. Tá mé singil. <i>No, I am single.</i>
3.3	Ag labhairt faoi pháistí. <i>Talking about children.</i>	Tá clann/páistí agam. <i>I have a family/children.</i> Níl páistí ar bith againn. <i>I don't have any children.</i> Tá mé/táimid ag súil le páiste. <i>I am/we are expecting a child.</i>
3.4	Ag fiafraí de dhaoine an bhfuil páistí acu agus ag freagairt na ceiste sin. <i>Asking people if they have children and answering that question.</i>	An bhfuil páistí agat?/An bhfuil clann agat? <i>Do you have children?/ Do you have a family?</i> Tá. <i>Yes.</i>
3.5	Ag fiafraí de dhaoine cá mhéad páiste atá acu agus ag freagairt na ceiste sin.	Cá mhéad páiste atá agat? <i>How many children do you have?</i> Beirt.

	Feidhmeanna/Functions	Samplaí/Examples
	<i>Asking people how many children they have and answering that question.</i>	<i>Two.</i>
3.6	Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi dheartháireacha agus deirfiúracha. <i>Seeking and giving information about brothers and sisters.</i>	Cá mhéad deartháir atá agat? <i>How many brothers do you have?</i> Triúr. Three Cá mhéad deirfiúr atá agat? <i>How many sisters?</i> Ceathrar. Four.
3.7	Ag cur baill éagsúla den teaghlach in aithne. <i>Introducing different members of the family.</i>	Seo é mo mhac Tomás. <i>This is my son, Thomas.</i> Seo í m'iníon Deirdre. <i>This is my daughter, Deirdre.</i> Seo iad mo thuismitheoirí. <i>These are my parents.</i> An bhfuil aithne agat ar mo dheartháir? <i>Do you know my brother?</i> An bhfuil aithne agat ar mo dheirfiúr? <i>Do you know my sister?</i>

Gramadach/grammar	Samplaí/Examples
Ceisteanna agus freagraí san aimsir láithreach <i>Questions and answers in the present tense</i>	An bhfuil tú pósta? Tá/níl. <i>Are you married? Yes/no.</i>
An dara pearsa uimhir uatha agus iolra den fhorainm réamhfhoclach <i>agam</i> <i>The second person singular and plural of the prepositional pronoun 'agam'</i>	agat, agaibh <i>at you (sg), at you (pl)</i>
Uimhreacha pearsanta <i>Personal numerals</i>	duine amháin – deichniúr <i>One person – ten people</i>
Cá mhéad + uimhir uatha <i>'Cá mhéad' + noun in singular</i>	Cá mhéad páiste atá agat? <i>How many children do you have?</i>

Stór focal/Vocabulary	Samplaí/Examples
stádas pósta <i>marital status</i>	pósta <i>married</i> singil <i>single</i> scartha <i>separated</i> colscartha <i>divorced</i>
Daoine <i>People</i>	baintreach (fir) <i>widow(er)</i> deartháir <i>brother</i> deirfiúr <i>sister</i> mac <i>son</i> iníon <i>daughter</i> fear céile <i>husband</i> bean chéile <i>wife</i> athair <i>father</i> máthair <i>mother</i> tuismitheoirí <i>parents</i>
uimhreacha pearsanta <i>personal numbers</i>	duine amháin – deichniúr <i>one person – ten people</i>

Beidh an t-iarrthóir ábalta...*The candidate will be able to...*

Labhairt/*speaking*

Eolas bunúsach a thabhairt faoina stádas pósta agus faoina dteaghlach.

Give basic information about their marital status and their family/ children.

Éisteacht/*listening*

Ceisteanna simplí a bhaineann leis an teaghlach a thuiscint. In ann focail agus frásaí a thuiscint i gcomhrá faoin teaghlach.

Understand simple questions relating to the family. Able to understand words and phrases in a conversation about the family.

Léamh/*reading*

Focail agus frásaí a bhaineann leis an teaghlach a aithint (e.g. ar fhoirm iarratais).

Recognise words and phrases relating to the family (for example on an application form).

Scríobh/*writing*

Sonraí pearsanta a bhaineann le stádas pósta agus an teaghlach a bhreacadh síos (m.sh. ar fhoirm iarratais).

Note down personal details relating to marital status and the family (e.g. on an application form).

Topic 4: An teach agus lóistín/ The house and accommodation

	Feidhmeanna/Functions	Samplaí/Examples
4.1	Ag ainmniú na bpríomhsheomraí sa teach. <i>Naming the main rooms in the house.</i>	Cistin <i>Kitchen</i> Seomra suí <i>Living room</i>
4.2	Ag fiafraí cá mhéad seomra codlata atá sa teach agus ag freagairt na ceiste sin. <i>Asking how many bedrooms are in the house and answering that question.</i>	Cá mhéad seomra codlata sa teach/atá ann? <i>How many bedrooms are in the house/ are there?</i> Trí cinn. <i>Three.</i>
4.3	Ag ainmniú troscáin agus trealaimh. <i>Naming furniture and equipment.</i>	Eochair/eochracha <i>Key/keys</i> Tábla/bord <i>Table</i> Cathaoir <i>Chair</i> Cuisneoir <i>Fridge</i> Sorn <i>Cooker</i> Ríomhaire <i>Computer</i>
4.4	Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi lóistín. <i>Seeking and giving information about accommodation.</i>	Cá bhfuil tú ag fanacht? <i>Where are you staying?</i> Tá mé ag roinnt árasáin le cara liom. <i>I am sharing a flat with a friend.</i> Tá mé ag roinnt tí le triúr eile. <i>I am sharing a house with three others.</i> Tá mé i mo chónaí i m'aonar/ liom féin. <i>I am living on my own/ by myself.</i>
4.5	Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi chíos. <i>Seeking and giving information about rent.</i>	An bhfuil sé daor? <i>Is it expensive?</i> Níl sé ródháor – trí chéad euro sa mhí. <i>It isn't too dear – three hundred euro a month.</i> Tá sé daor go leor – cúig chéad sa

	Feidhmeanna/Functions	Samplaí/Examples
4.6	Ag lorg agus ag tabhairt tuairimí faoi theach/lóistín. <i>Seeking and giving opinions about a house/accommodation.</i>	mhí. <i>It's quite expensive – five hundred a month.</i> An maith leat é? <i>Do you like it?</i> Is maith. Tá sé ciúin. <i>I like it. It is quiet.</i> Tá sé ceart go leor. <i>It's all right.</i> Ní maith. Ní réitím go maith leis na daoine eile. <i>I don't like it. I don't get on well with the other people.</i>
4.7	Ag fiafraí cá bhfuil an leithreas agus ag freagairt na ceiste sin. <i>Asking where the toilet is and answering that question.</i>	Cá bhfuil an leithreas, le do thoil? <i>Where is the toilet, please?</i> An chéad doras ar dheis. <i>The first door on the right.</i> Tá sé ansin ar chlé. <i>It's there on the left.</i>

Gramadach/Grammar	Samplaí/Examples
An t-alt agus ainmfhocail <i>The article and nouns</i>	an tábla <i>the table</i> an chathaoir <i>The chair</i>
Ag comhaireamh rudaí <i>Counting things</i>	dhá sheomra <i>two rooms</i> trí sheomra <i>three rooms</i> an chéad doras <i>The first door</i>
Na horduimhreacha (1–10) <i>The ordinal numbers (1–10)</i>	1–10
Ceann <i>(a) thing</i>	ceann amháin <i>One thing</i> dhá cheann

Gramadach/Grammar	Samplaí/Examples
	<i>Two things</i> trí cinn <i>Three things</i>

Stór focal/Vocabulary	Samplaí/Examples
Seomraí <i>Rooms</i>	an seomra suí <i>The sitting room</i> an seomra codlata <i>The bedroom</i> an halla <i>The hall</i> an chistin <i>The kitchen</i> an seomra folctha <i>The bathroom</i> an leithreas <i>The toilet</i>
Tros cán agus trealamh <i>Furniture and equipment</i>	Tábla <i>Table</i> cathaoir/cathaoireacha <i>chair/ chairs</i> tolg <i>sofa</i> leaba <i>bed</i> cuisneoir <i>fridge</i> sorn <i>cooker</i> teach <i>house</i> teach dhá stór <i>two storey house</i> doras <i>door</i> fuinneog <i>window</i> thuas staighre <i>upstairs</i> thíos staighre <i>downstairs</i>

Beidh an t-iarrthóir ábalta...*The candidate will be able to...*

Labhairt/speaking

Na príomhsheomraí agus cuid de na príomhrudaí atá le fáil i dteach a ainmniú. Treoracha a lorg laistigh den teach. A rá cén cineál lóistín atá aige/aici féin agus eolas an-simplí faoin lóistín sin a thabhairt.

Name the main rooms and the main things that are found in the house. Ask for directions within the house. Say what kind of accommodation he/she has and to give very simple information about that accommodation.

Éisteacht/listening

Ceisteanna simplí faoina bhfuil sa teach a thuiscint. Cur síos simplí a bhaineann le cúrsaí lóistín a thuiscint. Treoracha simplí a bhaineann leis an teach a thuiscint. *Understand simple questions about what is in the house. Understand a simple description of matters relating to accommodation. Understand simple directions in relation to the house.*

Léamh/reading

Ainmneacha na seomraí agus cuid de na príomhrudaí atá le fáil i dteach a aithint. Comhrá simplí scríofa ar an ábhar seo a léamh.

Recognize the names of rooms and some of the main things that can be found in a house. Read a simple written conversation on this subject.

Scríobh/writing

Ainmneacha na seomraí agus cuid de na príomhrudaí atá le fáil i dteach a scríobh síos. Cuntas an-simplí a scríobh faoin chineál lóistín atá acu féin.

Write the names of the rooms and some of the main things that are found in a house. Write a very simple account of the kind of accommodation they themselves have.

Topic 5: Caitheamh aimsire/Pastimes

	Feidhmeanna/Functions	Samplaí/Examples
5.1	Ag fiafraí de dhaoine cad é a dhéanann siad nuair a bhíonn siad saor agus ag freagairt na ceiste sin. <i>Asking others what they do when they are free and replying to that question.</i>	Cad é/Céard a dhéanann tú nuair a bhíonn am saor agat? <i>What do you do when you have free time?</i> Imrím galf. <i>I play golf.</i> Téim ag snámh. <i>I go swimming.</i> Féachaim ar an teilifís. <i>I watch television.</i> Éistim le ceol. <i>I listen to music.</i> Téim go dtí an phictiúrlann. <i>I go to the cinema.</i>
5.2	Ag fiafraí de dhaoine an mbíonn siad ag gabháil do chaitheamh aimsire áirithe agus ag freagairt na ceiste sin. <i>Asking others if they practice a certain pastime and replying.</i>	An imríonn tú leadóg? <i>Do you play tennis?</i> Imrím/Ní imrím. <i>I play/ I don't play.</i> An dtéann tú go dtí an phictiúrlann? <i>Do you go to the cinema?</i> Téim/Ní théim. <i>I go/ I don't go.</i>
5.3	Ag fiafraí de dhaoine an dtaitníonn leo caitheamh aimsire áirithe agus ag freagairt na ceiste sin. <i>Asking people if they like a certain pastime and answering that question.</i>	An maith leat ceol traidisiúnta? <i>Do you like traditional music?</i> An maith leat spórt? <i>Do you like sport?</i> Is maith/ní maith. <i>I like it/ I don't like it</i> Is breá liom é. <i>I love it</i> Is fuath liom é. <i>I hate it</i>
5.4	Ag cur tuairimí in iúl faoi chaitheamh aimsire. <i>Making known opinions about a pastime.</i>	Is fuath liom spórt. <i>I hate sport</i> Níl suim dá laghad agam sa cheol traidisiúnta. <i>I have absolutely no interest in traditional music.</i>

	Feidhmeanna/ <i>Functions</i>	Samplaí/ <i>Examples</i>
5.5	Ag rá cá huair a dhéanann tú rudaí éagsúla. <i>Saying when you do various activities.</i>	Ní maith liom dul go tithe tábhairne. <i>I don't like going to pubs.</i> Imrím leadóg Dé Máirt. <i>I play tennis on Tuesday.</i> Téim ag siúl i gcónaí Dé Domhnaigh. <i>I always go walking on Sundays.</i> Téim chuig ceolchoirm go minic Dé hAoine. <i>I often go to a concert on Fridays.</i>

Gramadach/ <i>Grammar</i>	Samplaí/ <i>Examples</i>
Ceisteanna agus freagraí san aimsir láithreach. <i>Questions and answers in the present tense.</i> An chopail <i>The copula</i> An réamhfocal <i>i</i> + an t-alt <i>The preposition 'i' + the article</i> Dobhriathra ama <i>Adverbs of time</i>	An imríonn tú leadóg? Imrím/Ní imrím. <i>Do you play tennis/ I do play/ I don't play.</i> Is fuath liom spórt. <i>I hate sport.</i> sa pheil <i>in football</i> go minic <i>often</i> anois is arís <i>now and again</i> i gcónaí <i>always</i>

Stór focal/ <i>Vocabulary</i>	Samplaí/ <i>Examples</i>
Caitheamh aimsire <i>Pastimes</i> (go háirithe caitheamh aimsire an fhoghlaimeora) <i>(especially the pastimes of the candidate)</i>	amharclann <i>theatre</i> pictiúrlann <i>cinema</i> an teach tábhairne <i>The pub</i> téigh chuig/go dtí ... <i>go to...</i> drama <i>play</i> scannán <i>film</i> ceolchoirm

Stór focal/Vocabulary	Samplaí/Examples
	concert an teilifís <i>The television</i> féach ar ... <i>look at...</i> an raidió <i>the radio</i> éist le ... <i>listen to...</i> clár <i>programme</i> nuacht <i>news</i> scannán <i>film</i> ceol <i>music</i> seinn <i>play</i> amhrán <i>song</i> can <i>sing</i> spórt (snámh, leadóg, galf, rugbaí, siúl, peil, iomáint, sacar) <i>sport (swimming, tennis, golf, rugby, walking, football, hurling, soccer)</i> imir <i>play</i> bain/buaigh <i>win</i> Dé Luain etc <i>On Monday etc</i>
Laethanta na seachtaine <i>Days of the week</i>	

Beidh an t-iarrthóir ábalta...*The candidate will be able to...*

Labhairt/*speaking*

Tuairimí simplí a chur in iúl faoi chaitheamh aimsire agus a rá cén caitheamh aimsire a thaitníonn leis/léi.

Give simple opinions about pastimes and say which pastime he/she enjoys.

Éisteacht/*listening*

Ceisteanna simplí a bhaineann le caitheamh aimsire a thuiscint. In ann focail agus frásaí a thuiscint i gcomhrá faoi chaitheamh aimsire.

Understand simple questions to do with pastimes. Understand words and phrases in a conversation about pastimes.

Léamh/*reading*

Ainmneacha caitheamh aimsire a aithint agus na príomhphointí a thuiscint i gcuntas scríofa ar imeacht/ócáid.

Recognize the names of pastimes and understand the main points in a written account of events.

Scríobh/*writing*

Cur síos simplí a scríobh faoin chaitheamh aimsire, a rá cad iad na cinn a thaitníonn agus nach dtaitníonn leis/léi.

Write a simple description about pastimes, to say which ones he/she does or doesn't enjoy.

Topic 6: An saol laethúil/Daily life

	Feidhmeanna/Functions	Samplaí/Examples
6.1	Ag fiafraí cén t-am atá sé agus ag freagairt na ceiste céanna. <i>Asking what time it is and answering the same question.</i>	Cén t-am atá sé? <i>What time is it?</i> (Tá sé) a dó a chlog. <i>(It is) two o'clock</i>
6.2	Ag rá cén t-am a dhéanann tú rudaí éagsúla. <i>Saying at what time you do different things.</i>	Éirím ar a seacht a chlog. <i>I get up at seven o'clock</i> Tagaim abhaile ar a sé a chlog. <i>I come home at six o'clock</i>
6.3	Ag fiafraí de dhaoine cén t-am a dhéanann siadsan rud éigin. <i>Asking people what time they do something.</i>	Cén t-am a théann tú/tusa ag obair? <i>What time do you go to work?</i>
6.4	Ag labhairt faoi na rudaí a dhéanann tú gach lá. <i>Talking about the things you do every day.</i>	Tosaím ag obair ar a naoi. <i>I begin work at nine</i> Ithim mo dhinnéar idir a seacht agus a hocht. <i>I eat my dinner between seven and eight.</i> Casaim le cairde sa tráthnóna. <i>I meet friends in the afternoon.</i>
6.5	Ag fiafraí de dhaoine an ndéanann siad rud áirithe. <i>Asking people if they do a certain thing.</i>	An éiríonn tú go luath? <i>Do you get up early?</i> Éirím/Ní éirím. <i>I do get up/ I don't get up (early)</i> An mbíonn tú sa bhaile go luath? <i>Are you (do you be) at home early? (habitual present)</i> Bím/Ní bhím. <i>I am/ I am not</i>

Gramadach/Grammar	Samplaí/Examples
An aimsir láithreach den bhriathar. <i>The present tense of the verb.</i> Ag cur agus ag freagairt ceisteanna san aimsir láithreach. <i>Asking and answering questions in the present tense.</i> Uimhreacha agus am. <i>Numbers and time.</i> <i>ar</i> + séimhiú 'ar' + aspiration	éirím, ithim, ólaim, téim, déanaim... <i>I rise, I eat, I drink, I go, I do</i> An dtéann tú? <i>Do you go?</i> Téim/Ní théim <i>I go/ I do not go</i> An éiríonn tú...? <i>Do you get up?</i> Éirím/Ní éirím. <i>I get up. I do not get up.</i> a haon a chlog <i>one o'clock</i> a dó a chlog... <i>two o'clock</i> leathuair tar éis/i ndiaidh <i>half past</i> ceathrú chun/go dtí <i>quarter to</i> ar cheathrú go dtí a trí <i>at quarter to three</i>

Stór focal/Vocabulary	Samplaí/Examples
Béilí <i>meals</i> Focail a bhaineann leis an saol laethúil <i>Words relating to daily life</i> Minicíocht/tréimhsí am <i>Frequency/ periods of time</i>	bricfeasta <i>breakfast</i> lón <i>lunch</i> dinnéar <i>dinner</i> (sos) tae <i>tea (break)</i> (sos) caife <i>coffee (break)</i> obair/scoil/siopadóireacht... <i>work/ school/shopping</i> Féach chomh maith: <i>Caitheamh aimsire.</i> See also: <i>Pastimes</i> de ghnáth <i>usually</i> anois is arís <i>now and again</i> go minic <i>often</i>

Stór focal/Vocabulary	Samplaí/Examples
	idir between

Beidh an t-iarrthóir ábalta...The candidate will be able to...

Labhairt/speaking

Cur síos an-simplí a thabhairt ar na rudaí a dhéanann sé/sí de ghnáth agus ceisteanna simplí a chur ar dhuine eile faoin ábhar céanna.

Give a very simple description of the things he/she usually does and ask simple questions of another people about the same subject.

Éisteacht/listening

Tuigfidh an t-iarrthóir ceisteanna simplí faoi ghnáthimeachtaí laethúla. Beidh tuiscint aige/aici ar chur síos an-simplí ó dhaoine eile faoi ghnáthimeachtaí laethúla. *The candidate will understand simple questions about routine daily events. He/she will understand a very simple description from other people about routine daily events.*

Léamh/reading

Beidh na hiarrthóirí in ann focail agus frásaí an-simplí a bhaineann leis an ábhar seo a léamh, mar shampla an t-am, imeachtaí, ionaid.

The candidate will be able to read very simple words and phrases relating to this subject, for example, time, events, places.

Scríobh/writing

Beidh na hiarrthóirí in ann frásaí an-simplí a scríobh faoin saol laethúil atá acu féin, mar shampla nóta simplí a scríobh: *Dinnéar Dé Domhnaigh ag 7.30?* nó nóta gearr a scríobh i ndialann.

The candidate will be able to write very simple phrases about his or her own daily life, for example a simple note such as: 'Dinner on Sunday at 7.30?' or a short note in a diary.

Topic 7: Buanna agus scileanna /Talents and skills

	Feidhmeanna/Functions	Samplaí/Examples
7.1	Ag fiafraí de dhaoine an bhfuil siad ábalta rud éigin a dhéanamh agus ag freagairt na ceiste sin. <i>Asking people if they are able to do something and answering that question.</i>	An bhfuil clóscríobh agat? <i>Can you type?</i> An bhfuil ceol agat? <i>Can you sing?</i> An bhfuil Fraincis agat? <i>Can you speak French?</i>
7.2	Ag rá cé chomh maith is atá tú i mbun rud éigin. <i>Saying how good you are at something.</i>	Tá mé cuibheasach/measartha/réasúnta maith. <i>I am fairly/ quite/ reasonably good.</i> Níl mé rómhaith. <i>I'm not too good.</i> Tá mé ag foghlaim. <i>I'm learning.</i>
7.3	Ag rá cé chomh furasta nó deacair atá rud éigin. <i>Saying how easy or hard something is.</i>	Tá sé furasta/éasca. <i>It's easy.</i> Tá sé furasta go leor. <i>It's easy enough.</i> Tá sé an-deacair. <i>It's very hard.</i> Tá sé ródheacair. <i>It's too hard</i>
7.4	Ag fiafraí de dhaoine cé chomh maith is atá ag éirí leo agus ag freagairt na ceiste sin. <i>Asking people how they're getting on/doing and replying to the same question.</i>	Conas atá ag éirí leat? <i>How are you getting on?</i> Tá ag éirí go maith liom. <i>I'm doing well.</i> Maith go leor. <i>Well enough.</i> Níl ag éirí go rómhaith liom. <i>I'm not doing too well.</i>
7.5	Ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi theangacha. <i>Seeking and giving information</i>	Cá mhéad teanga atá agat? <i>How many languages do you have?</i> Trí cinn – Fraincis, Béarla agus Gaeilge.

	Feidhmeanna/Functions	Samplaí/Examples
	<i>about languages.</i>	<i>Three – French, English and Irish</i> Téim chuig rang Gaeilge. <i>I attend Irish classes.</i>
7.6	Ag rá cé chomh maith is atá teanga agat. <i>Describing ability in a language.</i>	Tá mé líofa. <i>I'm fluent.</i> Tá Fraincis líofa agam. <i>I have fluent French.</i> Tá mé measartha maith. <i>I'm quite good.</i> Níl agam ach beagán Gearmáinise. <i>I only have/ know a little bit of German.</i>
7.7	Ag déileáil le deacrachtaí cumarsáide. <i>Dealing with difficulties in communication.</i>	Tá brón orm. Ní thuigim. <i>I'm sorry. I don't understand.</i> Gabh mo leithscéal, an féidir leat é sin a rá arís, le do thoil? <i>Excuse me, can you say that again, please?</i> Cad é a chiallaíonn ...? <i>What does...mean?</i> An bhféadfá é sin a litriú? <i>Could you spell that?</i> An bhféadfá labhairt níos moille, le do thoil? <i>Could you speak more slowly, please?</i>

Gramadach/Grammar	Samplaí/Examples
An forainm réamhfhoclach <i>agam</i> <i>The prepositional pronoun 'agam'</i>	agam, agat <i>at me, at you</i>
Na réimíreanna <i>ró-</i> agus <i>an-</i> <i>The prefixes 'ró-' and 'an-'</i>	rómhaith <i>too good</i> an-deacair <i>very difficult</i>

Gramadach/ <i>Grammar</i>	Samplaí/ <i>Examples</i>
Aidiachtaí <i>Adjectives</i>	furasta/éasca <i>easy</i> deacair <i>hard</i>
Ceann <i>(One) thing</i>	ceann amháin <i>one thing</i> dhá cheann <i>two things</i> sé cinn <i>six things</i>

Stór focal/ <i>Vocabulary</i>	Samplaí/ <i>Examples</i>
Scileanna <i>Skills</i> (na cinn atá ag an fhoghlaimeoir san áireamh) <i>(including the candidate's)</i>	snámh <i>swimming</i> ceol <i>music</i> an giotár <i>the guitar</i> an fheadóg stain <i>the tin whistle</i> an piano <i>the piano</i> seinn ... <i>play...</i> rang <i>class</i> cúrsa <i>course</i>
Cumas <i>Ability</i>	maith <i>good</i> cuibheasach/measartha/réasúnta <i>fairly/ quite/ reasonably</i> an-mhaith <i>very good</i>
Deacracht <i>Difficulty</i>	furasta/éasca <i>easy</i> deacair <i>difficult</i>

Stór focal/ <i>Vocabulary</i>	Samplaí/ <i>Examples</i>
Teangacha <i>Languages</i> (na cinn atá ag an fhoghlaimeoir san áireamh) <i>(including the candidate's)</i>	Fraincis <i>French</i> Gearmáinis <i>German</i> Spáinnis <i>Spanish</i> Iodáilis <i>Italian</i> Béarla <i>English</i>

Beidh an t-iarrthóir ábalta...*The candidate will be able to...*

Labhairt/*speaking*

A rá cad iad na buanna atá aige/aici agus cé chomh maith is atá sé/sí i mbun rudaí éagsúla.

Say what the talents he/she has and how good he/she is at various things.

Éisteacht/*listening*

Ceisteanna simplí a bhaineann le cumas/scileanna a thuiscint. In ann focail agus frásaí a thuiscint i gcomhrá faoi scileanna/cumas agus déileáil le deacrachtaí cumarsáide.

Understand simple questions relating to ability/ skills. Understand words and phrases in a conversation about skills/ ability; to deal with difficulties in communication.

Léamh/*reading*

Ainmneacha teangacha áirithe a aithint mar aon le focail agus frásaí a bhaineann le cumas.

Recognize the names of different languages as well as words and phrases relating to ability.

Scríobh/*writing*

Cur síos simplí a scríobh faoina scileanna agus cumas.

Write a simple description of skills and ability.

Topic 8: Cúrsaí oibre/Work

	Feidhmeanna/Functions	Samplaí/Examples
8.1	Ag fiafraí de dhaoine cén obair a dhéanann siad agus ag freagairt na ceiste sin. <i>Asking people what work they do and replying to the same question.</i>	Cén obair a dhéanann tú?/Cén post atá agat? <i>What do you do?/What is your job?</i> Is tiománaí bus mé. <i>I am a bus driver.</i> Cén obair a dhéanann tú féin?/Cén post atá agatsa? <i>What work do you do? What job do you have?</i>
8.2	Ag fiafraí de dhaoine cén áit a bhfuil siad ag obair agus ag freagairt na ceiste sin. <i>Asking people where they are working and answering.</i>	Cén áit a bhfuil tú ag obair? <i>Where are you working?</i> Tá mé ag obair i monarcha. <i>I am working in a factory.</i>
8.3	Ag labhairt faoi do stádas oibre. <i>Talking about your work status.</i>	Tá mé féinhostaithe. <i>I am self-employed.</i> Tá mé dífhostaithe. <i>I am unemployed.</i>
8.4	Ag fiafraí de dhaoine an dtaitníonn a bpost leo agus ag freagairt na ceiste sin. <i>Asking people if they enjoy their work and replying to the same question.</i>	An maith leat do phost? <i>Do you like your job?</i> Is maith/Ní maith. <i>I do like it/ I don't like it.</i> Ní maith liom ar chor ar bith é. <i>I don't like it at all.</i> Tá sé ceart go leor. <i>It's all right.</i>
